# Teicneolaíocht an Adhmaid

**Nuachtlitir Fómhar 2020**

## An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí

Tá an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí ann chun **spreagadh**, **tacaíocht** agus **cumhacht a thabhairt** do mhúinteoirí agus Oideachas na Sraithe Sóisearaí in Éirinn á athrú ó bhonn.

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers

## Múinteoirí Teicniúla

Bímid ag tnúth le comhdháil bhliantúil Chumann na Múinteoirí Teicniúla gach bliain. Tugann sé deis iontach dúinn bualadh le múinteoirí ó gach cearn den tír ach ar an drochuair cuireadh ar athló é go dtí go bhfógrófar a mhalairt. Tá sé i gceist ag feidhmeannas na Múinteoirí Teicniúla an ócáid a athsceidealú agus súil acu bualadh le gach ball ansin. Foilseofar sonraí faoin imeacht athsceidealaithe ar technoteachers.ie

## 'Treoir don Fhilleadh ar an Scoil d'Ábhair Phraiticiúla in Iar-Bhunscoileanna'

Mar is eol duit, d'fhoilsigh an ROS 'Treoir don Fhilleadh ar an Scoil d'Ábhair Phraiticiúla in Iar-Bhunscoileanna agus i Lárionaid Oideachais' le déanaí. D'fhorbair foireann JCt4 acmhainn a thaispeánann roinnt de na treoirlínte a léirítear sa doiciméad seo. D'fhéadfadh sé seo a bheith ina háis amhairc thairbheach do scoláirí agus do mhúinteoirí i ngach ceann de na hábhair Theicneolaíochta, lena n-áirítear Teicneolaíocht Adhmaid. Is féidir breathnú ar an acmhainn seo anseo.

## Fáilte

Fáilte go dtí eagrán an Fhómhair de nuachtlitir Theicneolaíocht Adhmaid JCt4. Anuraidh, bhí muid ag plé le níos mó ná 1200 múinteoir trí na cnuascheardlanna ábhair agus an seimineár gréasáin ar líne. Más mian leat aon eolas a fheiceáil ó cheardlanna FGL na bliana seo caite is féidir é a fháil **anseo**. Is féidir ábhar a bhain leis an seimineár gréasáin a fheiceáil **anseo.**

## Pleanálaí Digiteach Excel

D'fhorbair foireann JCt4 acmhainn phleanála a d'fhéadfadh a bheith ina cuidiú ag múinteoirí sna hábhair Theicneolaíochta uile sa tSraith Shóisearach. Tabharfaidh Pleanálaí Digiteach Excel deis do mhúinteoirí an phleanáil a ghabháil a theastódh do ghrúpa ranga thar na trí bliana dá Sraith Shóisearach. Tá sé níos feidhmiúla ó thaobh taifead a choinneáil ar an líon deiseanna a bhíonn ag scoláirí dul i ngleic le foghlaim laistigh de thorthaí foghlama ar fud na dtrí shnáithe agus na gceithre ghné i sonraíocht na Teicneolaíochta Adhmaid. Is féidir Pleanálaí Digiteach Excel na Teicneolaíochta Adhmaid, bileog eolais a ghabhann leis agus scannán teagaisc ar ghnéithe úsáideacha a fháil sa rannóg Phleanála de rannán Theicneolaíocht Adhmaid an láithreáin ghréasáin www.jct.ie.

## Acmhainn i Seomra Ranga le Scaradh Fisiciúil

Acmhainn i Seomra Ranga le Scaradh Fisiciúil

D'fhorbair foireann Theicneolaíochta Adhmaid JCt4 sraith acmhainní seomra ranga agus roinnt gníomhaíochtaí gaolmhara scoláirí a d'fhéadfadh a bheith ina ndíol spéise agaibh. Tá na hacmhainní seo forbartha againn agus an comhthéacs reatha ar intinn againn, ina mbíonn an scaradh fisiciúil ina chuid de thimpeallacht an tseomra ranga. Sa cháipéis seo gheobhaidh tú dhá acmhainn, ceann a mholtar do scoláirí Theicneolaíocht Adhmaid na Chéad Bhliana agus ceann eile a mholtar do lucht an Dara Bliain. Tá sé mar aidhm ag an dá shraith acmhainní agus ag na gníomhaíochtaí do scoláirí a théann leo forbairt a dhéanamh ar Phríomhscileanna scoláirí i dtaca le Mé féin a Bhainistiú, Eolas agus Smaointeoireacht a Bhainistiú agus Fanacht Folláin agus iad ag plé le Teicneolaíocht Adhmaid na Sraithe Sóisearaí.

## #JCt4Tuesdays

Is cruthú acmhainne de chineál eile é seo atáimid a fhorbairt faoi láthair chun cabhrú le múinteoirí san am eisceachtúil seo ina bhfuilimid. Sna seachtainí amach romhainn, beimid ag roinnt teicneolaíochtaí digiteacha/ar líne agus láithreáin ghréasáin úsáideacha a d'fhéadfadh a bheith suimiúil agat féin agus ag do chuid scoláirí agus sibh ag obair ar aghaidh le hábhair Theicneolaíochta na Sraithe Sóisearaí. Beidh ár n-acmhainní seachtainiúla a n-óstáil ar ár láithreán gréasáin faoi Acmhainní sa rannóg Teicneolaíochtaí de www.jct.ie agus eiseofar iad gach Máirt trínár gcuntas Twitter @JCt4ed leis an haischlib #JCt4Tuesdays.

## Tacaíocht don Dara hÁbhar Teagaisc

De bharr an chaillteanais shuntasaigh in am teagmhála ranga de dheasca shrianta CHÓIVID-19, an chuir isteach ar oscailtí scoile ag tús na scoilbhliana 2020/2021, agus na scoileanna a bheith dúnta ar feadh tréimhse fhada ó Mhárta 2020, níl SSM in ann ceardlanna FGL aghaidh ar aghaidh a thabhairt don dara hábhar teagaisc i rith na tréimhse Meán Fómhair/Deireadh Fómhair 2020 i mbliana.. Tá ár gceardlanna Theicneolaíocht Adhmaid 2019/2020 athdhéanta anois ina dtrí fhísghabháil scáileán le go mbeadh siad oiriúnach do rannpháirtíocht ar líne. Is féidir na hacmhainní seo a fheiceáil anseo.

## Socruithe athbhreithnithe chun MRBnna a dhéanamh

D'fhoilsigh an CNCM an doiciméad seo a leanas ina bhfuil faisnéis maidir le Measúnuithe Rangbhunaithe. Ar leathanach 3 den doiciméad seo tá eolas a bhaineann leis na tréimhsí ama inar féidir Measúnuithe Rangbhunaithe don tsraith d'ábhair Theicneolaíochta a dhéanamh. Is féidir teacht ar an doiciméad anseo.

## Fan suas chun dáta leis an bhfoireann Teicneolaíocht Adhmaid

Tabhair cuairt ar an rannán Teicneolaíocht Adhmaid de www.jct.ie áit a bhfaighidh tú ár n-acmhainní agus an t-ábhar go léir a úsáideadh le linn laethanta FGL 2018/2019, 2019/2020 agus an t-ábhar a bhain leis an seimineár gréasáin. Tá acmhainní breise á bhforbairt agus déanfar iad a uaslódáil anseo in am trátha.
Cláraigh ar ár liosta seoltaí anseo chun fanacht ar an eolas faoi gach ceann de na hábhair JCt4.
Lean muid ar twitter:
@JCt4ed

## 'Hands On'

D'fhorbair foireann Theicneolaíochta JCt4 seinnliosta Podchraolta dar teideal 'Hands Ón' a craoladh ar 22 Meán Fómhair ar chainéal Podchraolta SSM, Cainteanna sa tSraith Shóisearach. Sa chéad cheann de na podchraoltaí seo #JCt4, i gcomhar le @JuniorCycleArts, cloistear an Sárdheileadóir adhmaid, Willie Creighton, ag labhairt faoina shaol agus amanna, a paisean dá cheird agus faoin gcaoi a bhfaigheann sé a inspioráid. Tá an podchraoladh seo ar fáil chun éisteacht leis anseo ar SoundCloud nó ar aon soláthraí podchraolta. Fan i dtiúin ar @JCt4ed agus féach ar an liosta seoltaí chun a chinntiú nach gcaillfidh tú aon cheann de na craoltaí spreagúla seo!

## Seimineár Gréasáin – Ag Ullmhú do Mheasúnú Rangbhunaithe 1 (MRB 1)

Tabharfaidh an seimineár gréasáin seo forbhreathnú ar na hamlínte do MRB 1 agus fiosróidh sé conas is féidir le múinteoirí cabhrú le foghlaim na scoláirí roimh agus le linn an MRB. Pléifidh painéal múinteoirí a gcuir chuige sa seomra ranga chun scoláirí a ullmhú do MRB 1 chomh maith le cuid d'obair a gcuid scoláirí a thaispeáint agus a phlé. Is féidir clárú le haghaidh an tseimineáir ghréasáin trí chliceáil anseo.

## Teicneolaíocht Adhmaid sa nuacht!

Bímid i gcónaí ag faire amach le haghaidh ailt nuachta, físeáin agus láithreáin ghréasáin a d'fhéadfadh a bheith ina ndíol spéise ag scoláirí atá ag déanamh staidéir ar an Teicneolaíocht Adhmaid. D'fhéadfadh na naisc thíos scoláirí a spreagadh i gceann roinnt gníomhaíochtaí suimiúla maidir leis na torthaí foghlama seo a leanas:

***1.9*** *prionsabail na sármhaitheasa ceardaíochta* ***a léiriú*** *trí thascanna agus déantáin a dhearadh agus a bhaint amach*
***1.11*** *na tionchair chomhshaoil* ***a bhaineann le húsáid*** *adhmaid mar acmhainn nádúrtha agus in-athnuaite a iniúchadh*
***2.2*** *faisnéis agus smaointeoireacht* ***a bhainistiú*** *chun tacú le próiseas dearaidh atriallach*
***2.14 iniúchadh a dhéanamh*** *ar an gcaoi le húsáid ábhair a íoslaghdú agus dramhaíl a bhainistiú.*
***3.4 meastóireacht a dhéanamh*** *ar úsáid adhmaid i gcomparáid le hábhair eile*
***3.11 iniúchadh a dhéanamh*** *ar turas adhmaid, ón bhforaois go dtí an úsáid deiridh*

https://www.youtube.com/watch?v=-dcUw9FYMI4
https://youtu.be/KiC9N_5WnwI
https://youtu.be/v-8cFO0t4VA

Ba mhaith leis an bhfoireann Theicneolaíochta Adhmaid gach rath a ghuí ort agus táimid ag tnúth le bheith ag obair leat sa bhliain acadúil atá amach romhainn.
Le dea-mhéin

**Foireann Theicneolaíochta Adhmaid JCt4**